

Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad



Teastas Eorpach na Gaeilge

Meánleibhéal 2 (B2)

Scrúdú cainte

Ábhair shamplacha



An Scrúdú Cainte: Meánleibhéal 2 (B2)

Eolas ginearálta

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Is é seo a leanas an leagan amach atá ar an scrúdú cainte ag *Meánleibhéal 2 (B2)*.

Cuid	Am	Cineál taisc	Feidhmeanna teanga
1	5-6 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir a bhaineann le topaicí ginearálta, m.sh. cúlra an iarrthóra, caitheamh aimsire, obair, ag foghlaim Gaeilge srl. Anuas air sin, bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí reatha, m.sh. na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht srl. Ní bhítear ag súil le haon saineolas sna hábhair chéanna.	Ag tabhairt eolais agus ag léiriú agus ag cosaint tuairimí.
2	4-5 nóiméad	Tugtar sraith pictiúr ar thopaic áirithe don iarrthóir agus bíonn dhá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Roghnaíonn an t-iarrthóir dhá cheann de na pictiúir. Bíonn ar iarrthóirí ceisteanna ón scrúdaitheoir, a bhaineann le hábhar na bpictiúr, a fhreagairt chomh maith.	Comparáid agus codarsnacht, ag léiriú tuairimí, ag míniú srl.

Treoir bhreise

Cuid 1

Bítear ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a bheith ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá agus déileáil le raon leathan ábhair chainte a bhfuil suim acu féin iontu agus sna hábhair a luaitear sa siollabas. Bítear ag súil leo a gcuid freagraí a fhorbairt, cúiseanna agus samplaí a thabhairt agus a gcuid tuairimí a chosaint de réir mar is gá. Chomh maith leis sin, bítear ag súil le hiarrthóirí a bheith in ann eagar ceart a chur ar a gcuid smaointe agus iad féin a chur in iúl go soiléir agus go cuí. Ba cheart go mbeadh réimse leathan straitéisí acu le déileáil le gach gné den chumarsáid.

Cuid 2

- Sa dara cuid den scrúdú tugann an scrúdaitheoir bileog ar a bhfuil ceithre pictiúr don iarrthóir. Caithfidh an t-iarrthóir *dhá cheann de na pictiúir* sin a roghnú agus a bheith in ann labhairt faoi ábhar na bpictiúir. **Ní cur síos lom ar an ábhar a léirítear sna pictiúir a bhíonn i gceist.** Bíonn ar iarrthóirí, mar shampla, cibé ábhar a léirítear sna pictiúir a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht nó labhairt faoi bhuntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le hábhar faoi leith.
- Agus iad i mbun an tasc seo, caithfidh iarrthóirí a bheith in ann argóint a dhéanamh agus a chosaint, samplaí a thabhairt le tacú lena gcuid tuairimí agus forbairt a dhéanamh ar a gcuid pointí.
- Caithfidh na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil siad in ann a gcuid smaointe agus an méid atá le rá acu a eagrú mar is ceart agus go bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus i bhfriotail cuí.

Marcáil

- Is fiú 25% den scrúdú iomlán na marcanna atá ag gabháil don Scrúdú Cainte. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid.

Ag leibhéal Meánleibhéal 2 (B2), bheifí ag súil go mbeadh smacht maith ag na foghlaimeoirí ar na príomhghnéithe sin den ghramadach atá clúdaithe in *Siollabais A1 – B2*. Glactar leis go mbeidh moill orthu ó am go ham agus iad ag iarraidh focail agus nathanna oiriúnacha a thabhairt chun cuimhne. Ní dhéanfaidh siad botúin ghramadaí is cúis le míthuiscint thromchúiseach.

Beidh foclóir réasúnta leathan ag iarrthóirí, a chuimsíonn topaicí ginearálta agus ábhar faoi leith ar spéis leo féin. Tá riachtanais bhreise ag an leibhéal seo a léiríonn an t-aistriú ó theanga agus ó ábhar atá pearsanta, suibhachtúil go dtí teanga agus ábhar atá níos ginearálta agus níos oibiachtúla.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann focail a fhuaimniú go soiléir, sothuigthe, cé go mbeidh tionchar na máthairtheanga le cloisteáil ar uairibh. Is féidir go mbeidh roinnt fadhbanna fós acu maidir le béim agus tuin chainte.

Beidh iarrthóirí ag an leibhéal seo in ann dioscúrsa agus argóintí comhleanúnacha a chur ar fáil atá níos faide agus níos casta ná na blúirí comhrá a mbítear ag súil leo ag Meánleibhéal 1 (B1). Beidh siad in ann an fhorbairt chuí a dhéanamh ar phointí agus béim a chur ar na pointí is tábhachtaí. Ag an leibhéal seo, beidh iarrthóirí in ann eolas a mhalartú, a sheiceáil agus a dheimhniú. Beidh siad ábalta trácht ar an tábhacht phearsanta a bhain le tarlúintí agus le heispéiris áirithe, dearcadh a chur in iúl agus a chosaint le samplaí agus le hargóintí a bhaineann le hábhar.

Meánleibhéal 2 (B2) Scrúdú cainte: Ábhair shamplacha

Maidir le cumas cumarsáide, bítear ag súil leis gur fíorbheagán deacrachtaí tuisceana ná cumarsáide a bheidh ag na hiarrthóirí ag an leibhéal seo. Ag Meánleibhéal 2 (B2), is í an tsolúbthacht is tábhachtaí. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh na straitéisí cuí ag iarrthóirí chun déileáil go héifeachtach le haon deacrachtaí teanga agus le rudaí nach mbíonn aon choinne acu leo. Mar shampla, ba cheart go mbeidís in ann athleagan a chur ar fáil nuair nach mbíonn an focal cuí acu.

Déantar tástáil ar chumas sochtheangeolaíochta na n-iarrthóirí chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil siad ábalta teagmháil shóisialta a dhéanamh, mar shampla, beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt nó leithscéal a ghabháil.

- Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí cainte ar fad agus déantar monatóireacht agus caighdeánú ar a gcuid oibre le cinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm an chórais mharcála.

Moltar go láidir d'iarrthóirí breathnú ar an eolas ar fad atá ar fáil faoi scrúdú cainte Mheánleibhéal 2 (B2) [anseo](#) ar shuíomh TEG. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na siollabais, na treoracha agus an tuairisc.

Cuid 2 (don iarrthóir) Sampla 1

- Féach ar na cineálacha spóirt a léirítear sna pictiúir thíos.
- Roghnaigh **dhá** cheann acu.
- Déan **comparáid** idir an dá cheann a roghnaigh tú. Cad iad **na buntáistí** agus **na míbhuntáistí** a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa?
- Freagair aon cheistenna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

1. Ag rith




2. Marcaíocht capall



3. Sacar



4. Leadóg



Cuid 2 (don iarrthóir) Sampla 2

- Féach ar na slite beatha difriúla a léirítear sna pictiúir thíos.
- Roghnaigh **dhá** cheann acu.
- Déan **comparáid** idir an dá cheann a roghnaigh tú. Cad iad **na buntáistí** agus **na míbhuntáistí** a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa?
- Freagair aon cheistenna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

1. Feirmeoir



2. Ealaíontóir



3. Múinteoir



4. Garda



Cuid 2C (don iarrthóir) Sampla 3

- Féach ar na pictiúir thíos a léiríonn **rudai a bhíonn tábhachtach do dhaoine agus iad ag dul ar laethanta saoire.**
- Roghnaigh **dhá** cheann acu – **an ceann is mó tábhacht** duitse **agus an ceann is lú tábhacht** duit féin.
- Déan comparáid idir an dá cheann a roghnaigh tú.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

1. Radhairc dheasa



2. Ceol agus cultúr



3. Gan a bheith róchostasach



4. Bia blasta

